View in browser

05 Bealtaine 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 95







## OSCAILT IOTHLAINN NA SAILÍ

Thug an tAire Tithíochta, Darragh O'Brien, cuairt ar Chois Fharraige le gairid. D'oscail sé na hÁrasáin nua atá réitithe ag Tearmann Éanna ar an Teach Mór. Reáchtáladh comórtas, i gcomhar le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga le tíocht ar ainm feiliúnach do na hárasáin agus is buachaill áitiúil, Ferdia Ó Braonáin ón Teach Mór, a mhol an t-ainm a roghnaíodh, '**Eastáit Iothlainn na Sailí'**. Bronnadh duaiseanna iontacha ó ghnóthaí áitiúla - POTA Caifé in Indreabhán chomh maith le Rúnda, Cló Iar-Chonnacht, An Spailpín Fánach, agus Tigh Standún sa Spidéal, ar Fherdia. Tá ceithre árasán in Eastáit Iothlainn na Sailí agus beidh siad n-úsáid le tithíocht a chur ar fáil do dhaoine atá ar an liosta tithíochta.




## RANNTA GAELTACHTA - BAILIÚCHÁN THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá **Tuismitheoirí na Gaeltachta** sa tóir ar dhuine, nó ar dhaoine, le taithí nó saineolas cuí acu le bailiúchán de rannta Gaeltachta a chur i dtoll a chéile. Is éard a bheadh i gceist ná bailiúchán suntasach a chur le chéile d'ábhar sna trí mhórchanúint Gaeilge. Cé go bhfáilteofar roimh rannta nua-chumtha, cuirfear béim ar rannta dúchasacha. Úsáidfear an bailiúchán amach anseo le leabhar nó sraith leabhrán agus áiseanna digiteacha a bhunú mar thacaíocht do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le sorcha@tuismitheoiri.ie

## CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig **Ciorcal Comhrá Chois Fharraige** le chéile don chéad uair i mbliana ar an gCéadaoin 4ú Bealtaine @ 7i.n. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal. Tá fáilte roimh chách!

## OÍCHE EOLAIS - CLUB ÓIGE SCOIL SHAILEARNA

Tá oíche eolais á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i gcomhpháirt le Muintearas, ar an Máirt 17ú Bealtaine @ 6i.n. i halla Scoil Sailearna, le Club Óige Scoil Shailearna a phlé. Tá na heagraíochtaí ag súil go mbunófar club óige go luath le go mbeidh imeachtaí agus



gníomhaíochtaí spraíúla ar siúl d'óige an cheantair.

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Ní mór go mbeadh cónaí ar na rannpháirtithe sa limistéar - ó Na Forbacha go Ros an Mhíl, agus ní féidir gaol fola nó pósta a bheith idir na rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi le chéile. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir ag deireadh na scéime. Le páirt a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!







## SCOLÁIREACHT: TEASTAS I MÚINEADH NA GAEILGE D'FHOGHLAIMEOIRÍ FÁSTA

Tá scoláireacht ar fáil ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga don chúrsa Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta atá á reáchtáil ag Ollscoil Mhá Nuad. Tugann an cúrsa scileanna agus eolas úsáideach maidir le hacmhainní do theagascóirí a bheas ag múineadh na Gaeilge do dhaoine fásta ar líne. Cuirfear tús leis an gcúrsa i mí Mheán Fómhair 2022, agus leanfaidh an cúrsa bliain acadúil amháin. Cúrsa páirtaimseartha atá ann le meascán idir ceardlanna ar líne agus tascanna. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.

## TAISCE CHOIS FHARRAIGE

Tá an tionscadal **Taisce Chois Fharraige** sa tóir ar sheanphictiúir de cheoltóirí, amhránaithe agus scéalaithe ó Chois Fharraige, a tógadh blianta ó shin ag féilte, ceolchoirmeacha nó ag ócáidí eile. Pictiúir a tógadh 10 mbliana ó shin ar a laghad atá uathu. Tá socrú déanta ag an eagraíocht le Socos ar an gCoill Rua le gur féidir le daoine pictiúir a thabhairt isteach ann agus déanfar scanáil ar na pictiúir. Is féidir níos mó eolais a fháil ach glaoch ar 086 4567806 nó teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig taiscecf@gmail.com.

## BUAITEOIRÍ CHOMÓRTAS TRÁCHTAIREACHTA GAEL LINN SA SPIDÉAL

D'éirigh le beirt dhalta as Rang a Cúig i Scoil Éinne sa Spidéal an chéad agus an dara duais ag leibhéal na bunscoile a bhaint amach sa gcraobh náisiúnta den chomórtas tráchtaireachta a eagraíonn **Gael Linn**. Seán Ó Fátharta as Both Chuana a thug an chéad áit leis agus ba í Áine Ní Mhaoláin as Baile Éamoinn a chroch léi an duais don dara háit. Bhí orthu tráchtaireacht a chur leis an gcúig nóiméad deiridh de rogha trí chluiche a cuireadh ar fáil dóibh roimh ré. Roghnaigh Seán Craobh na hÉireann sa bPeil idir Bhaile Átha Cliath agus Ciarraí i 2011 agus ba é Craobh Iomána na hÉireann idir Luimneach agus Gaillimh i 2018 a roghnaigh Áine. Thacaigh na múinteoirí Caitríona Uí Laoi agus Antaine Ó Laoi leis an rang ar fad roimh ré agus is cinnte go bhfuil ard-mholadh tuillte ag Seán agus Áine agus ag Oisín Donaghy as an Sídheán ar tugadh cuireadh dósan freisin dul go Páirc an Chrócaigh ar an gCéadaoin tráth ar fógraíodh na duaiseanna do na rannóga ar fad. Bronnadh duais airgid, 4 thicéad agus turais ar Mhúsaem Pháirc an Chrócaigh maraon le 5 thicéad do chluiche sraithe peile nó iománaíochta 2023 de rogha an bhuaiteora ar na buaiteoirí. Cá bhfios nach gcloisfidh muid ar an aer iad amach anseo? Treise leo!






## GLANTACHÁN CHOIS FHARRAIGE

Cúpla seachtain ó shin bhí dhá lá glantacháin i gceantar Chois Fharraige le bruscar a bhailiú ó na bóithríní bailte. 'Sé an fochoiste Timpeallachta atá ag Cumann Forbartha Chois Fharraige a d'eagraigh an teacht le chéile. Bailíodh os cionn 100 mála bruscair ar na bóithríní idir Abhainn Chruimlinne agus Tigh Chualáin. Tá bailiúchán bruscair eile á eagrú ag an bhFochoiste Timpeallachta, an Satharn seo, 7 Bealtaine, ach é dírithe an uair seo ar an gcladach a ghlanadh. Beidh málaí bruscair agus miotóga le fáil ag Seanscoil Sailearna an mhaidin sin ag 10r.n. Is féidir le daoine bruscar a bhailiú ina gcuid ama féin chomh maith agus na málaí a fhágáil ag bun na mbóithríní, sa gcaoi is go mbeifear in ann iad a bhailiú le cur sa *skip*. Tá breis eolais le fáil ach glaoch ar an uimhir 087 6738834.

## GRÚPA SIÚLÓIDE CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh grúpa siúlóide Chois Fharraige le chéile arís ar an gCéadaoin 11ú Bealtaine @ 6:30i.n. ag an Airdín Buí - trasna ó Texaco, sa Spidéal. Tá súil againn go mbeidh an ghriain ag taitneamh le go mbeidh siúlóid éadrom, thaitneamhach againn cois trá. Fáilte roimh chách!






## OÍCHE ÁIRNEÁIN STIÚIDEO CUAN

Bíonn oíche áirneáin ar siúl i **Stiúideo Cuan** sa Spidéal chuile Chéadaoin ó 8-9.30i.n leis an gceoltóir, Johnny Óg Connolly, an damhsóir Róisín Ní Mhainín, an t-amhránaí Caitlín Ní Chualáin agus an scéalaí Máirín Mhic Lochlainn. Plé oscailte faoin traidisiún a bhíonn ann agus bíonn na healaíontóirí ag déanamh cur i láthair téamúil gach seachtain. Tá saor chead isteach ann agus fáilte roimh chách a bheith páirteach sa gcomhrá spreagúil seo faoin ár dtraidisiún, cá as ar tháinig sé, cén tionchar atá aige orainn agus cé mar a chuirfeas muid ar aghaidh é? Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le 091 553838.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite